



Preasráiteas Press Release Feabhra 2025	Tuilleadh eolais: gaeilgeiorrais@gmail.com 097-29023 www.gaeilgeiorrais.ie	*English language version is available on page 18.
--	--	---

Tuairisc ar Imeachtaí agus Buaicphointí na Gaeilge i nGaeltacht Iorrais le linn 2024

Tá ceiliúradh á dhéanamh ag Gaeilge Iorrais ar bhliain rathúil eile agus an séú bliain d'fheidhmiú an *Phlean Teanga i Maigh Eo Thuaidh* istigh cheana féin. Reáchtáil Gaeilge Iorrais raon leathan imeachtaí trí mheán na Gaeilge le linn 2024 agus mar sprioc acu borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge i nGaeltacht Iorrais chun todhchaí dhearfach a chinntiú don Ghaeilge sa Ghaeltacht seo.

Tugadh tosaíocht do na réimsí seo a leanas ach go háirithe i gcaitheamh na bliana (i) cúrsaí óige (ii) scoileanna Gaeltachta (iii) imeachtaí do theaghlaigh (iv) deiseanna foghlama agus úsáide Gaeilge (v) cur le feasacht teanga i dtaca le Gaeilge Iorrais agus Gaeltacht Iorrais. I measc na mbuaicphointí ó 2024 a léiríonn an dul chun cinn atá á dhéanamh againn go dtí seo tá;

An Córas Oideachais / Tacú le Scoileanna Gaeltachta ag an mBunleibhéal

- Leanúint leis an gcomhoibriú agus tacú leis na seacht mbunscoil Ghaeltachta agus na trí iarbhunscoil Ghaeltachta sa limistéar seo chun aitheantas a bhaint mar 'scoil Ghaeltachta' faoin scéim aitheantais nua. Bhí an tOPT páirteach i gcuartheanna cigireachta faoin scéim i 6 mbunscoil agus in 2 iarbhunscoil sa cheantar seo le linn na scoilbhliana seo (2023/24). Cuireadh an dá chigireacht eile i gcrích an scoilbhliain seo caite.
- Cruinniú thús na scoilbhliana le gach bunscoil atá páirteach sa scéim agus teimpléad 'Clár Gníomhaíochtaí Gaeilge do Phobal na Scoile' pléite agus faomhaithe le gach scoil.



GAEILGE IORRAIS

- D'éagraigh Gaeilge Iorrais léiriú speisialta de Scannán Nollag i nGaeilge do dhaltáí na mbunscoileanna Gaeltachta i gcomhar le hÁras Inis Gluaire ar an 18.12.2023. Bhí tuairim is 145 dalta agus 12 múinteoir i láthair (c. 150 san iomlán as 5 scoil Ghaeltachta).
- Bhronn Gaeilge Iorrais 8 mbeart d'earraí Gaeltachta ar 6 scoil Ghaeltachta agus ar 2 naíonra chun cur le raifil na Nollag.
- Tacú le Scoil Bhreandáin, Eachléim páirt a ghlacadh sa bhféile scoildrámaíochta ag an leibhéal contae, cúige agus náisiúnta. Seo í an t-aon scoil Ghaeltachta ón limistéar seo atá rannpháirteach sa bhféile iomráiteach seo le blianta agus iad i gcomórtas le 44 scoil eile ó chuile cheard den tír do ghradam náisiúnta. D'éirigh leis an 23 aisteoir óg seo agus comórtas 2 sa bhféile náisiúnta scoildrámaíochta buaite acu lena ndrrama 'Istigh i mo chroí tá neart.' Bhailigh an scoil Corn Thomáis Uí Dheirg ag searmanas speisialta i mBaile Átha Cliath (Bealtaine 2024).
- An tOPT páirteach i ngrúpaí fócais leis an bhForas Taighde ar Oideachas in dhá iarbhunscoil agus bunscoil Ghaeltachta amháin maidir le feidhmiú na scéime aitheantais mar scoil Ghaeltachta sa limistéar seo.
- Ba mhaith le Gaeilge Iorrais comhghairdeas a chur in iúl don 7 mbunscoil agus Gaelcholáiste Chomáin sa Ghaeltacht seo a bhain stádas oifigiúil amach mar scoil Ghaeltachta faoin *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* ag searmanas bronnta i 2024. D'fhreastail an bheirt OPT ar an searmanas aitheantais seo chomh maith. Tá ardmholadh ag dul do bhainistíocht, d'fhoireann, do thuismitheoirí agus do dhaltáí na scoileanna seo a leanas as a ndíograis oibre agus ceannaireachta i leith an oideachais lán-Ghaeilge sa cheantar seo (i) scoil Bhreandáin, Eachléim (ii) scoil náisiúnta Chorrchloch (iii) scoil náisiúnta Dhumha Thuama (iv) scoil náisiúnta Ghleann na Muaidhe (v) scoil náisiúnta Pholl an tSómais (vi) scoil náisiúnta Ros Dumhach (vii) scoil náisiúnta Cheathrú Thaidhg (viii) Gaelcholáiste Chomáin. Tá Coláiste Bhreandáin Naofa agus Meánscoil Mhuire i mBéal an Mhuirthead páirteach sa scéim chomh maith. Tá an-obair ar siúl i leith na Gaeilge sa dá iarbhunscoil sin agus na chéad chéimeanna eile á mbeartú sa scéim faoi láthair.



GAEILGE IORRAIS

- Leanúint leis an gclár amhránaíochta ar an sean-nós i 7 mbunscoil Ghaeltachta sa limistéar (breis agus 230 páiste bunscoile rannpháirteach ann le linn 2023/24) agus a bhuíochas le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta faoin gclár Cuisle (scéim Neartú).
- Ionadaíocht ó Ghaeltacht Iorrais ag fleadhanna na bliana seo le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais tríd an gclár amhránaíochta agus féiríní rannpháirtíochta;
 - Maidir le Ceol an Gheimhridh (Eanáir 2024), ghlac cúigear buachaillí agus naonúr cailíní (is é sin ceathrar déag ó CCÉ Craobh Chlann Lir i nGaeltacht Iorrais) páirt i gcomórtais éagsúla (amhránaíocht ar an sean-nós, aithriseoireacht, scéalaíocht agus ceol uirlise) in aoisghrúpaí difriúla (ó aois 7 go 13 d'aois) agus réimse maith acu ann ó rang a haon sa bhunscoil go bliain a haon san iarbhunscoil. Bronnadh duaiseanna ar pháistí an cheantair seo san aithriseoireacht agus sa scéalaíocht agus 6 dhuais ar fad tugtha leofa ag páistí na hEachléime i gcomórtais amhránaíochta ar an sean-nós. Breis eolais <https://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0124.pdf>
 - Bhí os cionn 30 páiste ón limistéar seo cláraithe le páirt a ghlacadh i gcomórtais éagsúla (amhránaíocht ar an sean-nós, ceol uirlise, comhrá Gaeilge agus scéalaíocht) ag fleadh Mhaigh Eo a bhí ar siúl ar an 11.05.2024 (le hais 6 páiste i 2023, sé sin méadú 20%). Ghlac 29 díobh páirt ar an lá agus cháiligh 12 duine óg as Iorras ó fhleadh Mhaigh Eo le dul ar aghaidh chuig Fleadh Chonnacht 2024.
 - Maidir le Fleadh Chonnacht, ghlac beirt bhuachaillí agus ochtar cailíní (is é sin deichniúr óg ó CCÉ Craobh Chlann Lir i nGaeltacht Iorrais) páirt i 10 gcomórtas éagsúla ag Fleadh Chonnacht (amhránaíocht ar an sean-nós, comhrá Gaeilge, scéalaíocht agus ceol uirlise) in aoisghrúpaí difriúla (ó aois 8 go 13 d'aois). D'éirigh thar cionn le fonnadóirí óga na Gaeltachta seo agus 7 nduais ar fad tugtha leofa ag óige Iorrais i gcomórtais amhránaíochta ar an sean-nós. Bhí lá maith ag cainteoirí óga Ghaeilge Iorrais chomh maith. D'éirigh le triúr acu dul ar aghaidh sa chomórtas



GAEILGE IORRAIS

comhrá Gaeilge in aoisghrúpaí difriúla. Cháiligh seisear óg ó Ghaeltacht Iorrais le dul ar aghaidh chuig Fleadh Cheoil na hÉireann. Breis eolais sa phreasráiteas <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr6b24.pdf>

- Maidir le Fleadh na hÉireann 2024, ghlac 5 duine óg as Iorrais páirt i 7 gcomórtas éagsúla. D'éirigh thar cionn le fonnadóirí óga na Gaeltachta seo agus 3 dhuais ar fad tugtha leofa ag óige Iorrais i gcomórtais amhránaíochta ar an sean-nós. D'éirigh le dalta bunscoile eile an 1ú áit a bhaint amach sa chomórtas comhrá Gaeilge faoi 9. Breis eolais <https://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0724.pdf>
- Ghlac ceathrar duine óg as Gaeltacht Iorrais páirt in Oireachtas na Samhna 2024 (méadú ón mbeirt a bhí ann i 2023). Tháinig dhá dhuais abhaile leofa. Breis eolais <https://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0924.pdf>
- Tacú le comhthogra chun cuairt Laureate na n-Óg a eagrú do dhaltáí na mbunscoileanna Gaeltachta seo i gcomhar le Leabharlann Bhéal an Mhuirthead ar an 18.04.2024. Bhí tuairim is 100 dalta bunscoile Gaeltachta i láthair ó 6 scoil.
- Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht chun an togra scéalaíochta 'Scaip an Scéal' a reáchtáil i gcomhar le *Fighting Words* sa limistéar seo ón 13 – 21 Bealtaine 2024. Bhí ceardlanna sa scríbhneoireacht chruthaitheach do dhaltáí na n-ardranganna ón 7 mbunscoil Ghaeltachta mar chuid den togra. Ghlac 83 dalta páirt sa togra álainn seo. Seoladh a saothar úr (dhá scéal nuachumtha curtha i dtoll a chéile ag Gaeilge Iorrais) ag ócáid a d'eagraigh Gaeilge Iorrais in Áras Inis Gluaire ar an 20.06.2024. Breis eolais <https://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0524.pdf>
- Gaeilge Iorrais ag leanúint leis an stocaireacht go gcuirfear Clár na gCluichí Gaelacha ar an bhfód arís sa limistéar seo gan a thuilleadh moille agus Gaeilge Iorrais páirteach i gcúpla cruinniú le hionadaithe ó CLG an cheantair chun tacú le réiteach iarratas úr ar an gclár. Tá an clár seo á éileamh le fada ag Gaeilge Iorrais agus tá súil againn go ndéanfar é a athbhunú i nGaeltacht Iorrais gan mhoill.



- Ghlac na hOPT páirt lárnach san ócáid a bhí ag SN Cheathrú Thaidhg chun a stádas mar scoil Ghaeltachta a cheiliúradh ar an 19.06.2024. Thug an bheirt óráid ar an lá. Bhí thart ar 50-60 duine áitiúil i láthair.
- Tacú le Tráth na gCeist i nGaeilge (mar chuid d'Fhéile Chlann Lir) ar an 23.05.24 in Áras Inis Gluaire. Bhí c.100 páiste i láthair ó 3 bhunscoil Ghaeltachta agus sciar eile ann ó 8 mbunscoil eile sa cheantar.
- Tacú le ceardlann/seó scéalaíochta faoi leith a thabhairt chuig an gceantar seo leis an scéalaí iomráiteach 'Niall de Búrca' do pháistí na mbunscoileanna Gaeltachta. Bhí 3 scoil i láthair (c.100 páiste) in Áras Inis Gluaire ar an 11.09.24.
- Ghlac 172 páiste bunscoile as na 6 bhunscoil Ghaeltachta in Iorras páirt i Maratón na bPáistí 2024 (clár aclaíochta agus folláine 8 seachtaine) le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais.
- Thug Ní Dhúda dhá chur i láthair d'ábhair oidí a d'fhreastail ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht seo i mbliana, maidir le Gaeilge Iorrais, an próiseas pleanála teanga agus an ceangal leis an scoil Ghaeltachta i gcomhar le Coláiste UISCE (Márta agus Lúnasa 2024).
- Cuireadh tús leis an dara sraith de 'Chlár sa Charr' ar Midwest Radio i gcomhar le Gaeilge Iorrais agus le tacaíocht ó pháistí bunscoile na Gaeltachta seo ar an 24 Meán Fómhair 2024. Bíonn comhrá Gaeilge bunaithe ar théama faoi leith idir 'tuismitheoir' agus páiste chuile Dé Máirt agus Déardaoin ar Midwest Radio mar chuid den 'Breakfast Show' ag c.7.40 r.n. (mír sheachtainiúil ó Mheán Fómhair go hEanáir 2025). Ghlac 16 páiste ó 4 bhunscoil Ghaeltachta páirt sa chomhthogra go dtí seo seo maraon leis an beirt oifigeach pleanála teanga (breis eolais sa phreasráiteas <https://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0824.pdf>). Faigheann muid aiseolas fíordhearfach ó na scoileanna Gaeltachta, tuismitheoirí, páistí rannpháirteach chomh maith le lucht éisteachta Midwest, maidir leis an gclár seo.
- Bailíodh aiseolas thar a bheith dearfach maidir le tacaíochtaí Ghaeilge Iorrais do scoileanna Gaeltachta Iorrais agus tairbhe dá réir i bhfoirm suirbhé i mí na Bealtaine 2024.



Oideachas: Iarbhunleibhéal

- Cruinniú thús na scoilbhliana le gach iarbhunscoil atá páirteach sa SASG agus teimpléad 'Clár Gníomhaíochtaí Gaeilge do Phobal na Scoile' pléite agus faomhaithe le ceannaireacht na scoileanna sin.
- Tugadh cuireadh do LND cur i láthair a thabhairt don choiste comhairleach um pholasaí oideachas Gaeltachta i mí na Nollag 2024 chun comhthéacs agus saincheistean an limistéir seo a leagan amach.
- Tacú le teacht le chéile COGG do na coistí Gaeilge ón 3 iarbhunscoil áitiúil agus muintir Acla ar an 22.02.2024. Bhí 15 i láthair as Coláiste Pobail (Acaill), 8 as Gaelcholáiste Chomáin (Ros Dumhach), 9 ann as Meánscoil Mhuire (Béal an Mhuirthead), 9 ann as Coláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead). Bhí 41 i láthair san iomlán agus deis acu plé a dhéanamh ar ról, feidhm agus dualgais an choiste sa scoil mar aon le páirt a ghlacadh i gceardlanna praiticiúla eile.
- Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht do Choláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead) le comórtas díospóireachta a reáchtáil don dara bliain as a chéile - 'Comórtas díospóireachta Uí Chonaire' - i gcuimhne ar iarphríomhoide na scoile sin. Bhí lán an tí againn don ócáid seo ar an 20.03.24 in Áras Inis Gluaire (c. 160 dalta bunscoile, iarbhunscoile agus an pobal) agus ionadaíocht ann ón 3 iarbhunscoil áitiúil agus 5 bhunscoil Ghaeltachta. Phléigh na daltaí iarbhunscoile dhá rúin a bhaineann le ceist na Gaeilge sa Ghaeltacht seo. Ba é an rún don chomórtas sóisearach 'Tá dóchas i ndán don Ghaeilge i nGaeltachtaí Mhaigh Eo.' Ba é an rún don chomórtas sinsearach 'Tá cúis ghearáin ag óige na Gaeltachta seo.' Breis eolais <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0225.pdf> agus <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/fcd24.mp4>
- Thug an tOPT ÉNG tacaíocht do dhaltaí na hidirbhliana (Gaelcholáiste Chomáin) lena gcur i láthair d'Ardfheis na n-Óg 2024 dar teideal 'Is buntáiste í an Ghaeilge agus tú ag lorg poist.' Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht don scoil leis an gcostas taistil a bhain leis an turas chuig Ciarraí chun freastal ar an ócáid seo.
- Reachtáladh an chéad cheardlann ar an láthair ó aimsir na paindéime do chúntóirí teanga Iorrais faoi stiúir Mhuintearais ar an 06.02.2024. Bhí 6 cúntóir



GAEILGE IORRAIS

teanga (iad uilig) i láthair agus ionadaí ó Ghaeilge Iorrais. Moladh arís go mbeadh ceardlann / teacht le chéile eile agus seisiúin ar bhonn níos rialta ag cúntóirí teanga an limistéir seo.

- Tacú le Tráth na gCeist leis an nGaelcholáiste ar an 18.11.24 do na hiarbhunscoileanna ón limistéar seo. Bhí c.30 dalta i láthair ó na coistí Gaeilge sna hiarbhunscoileanna. Thug Gaeilge Iorrais tacaíocht leis an eagrúchán, poiblíocht agus duaiseanna.
- Tacú leis an lá cónasctha idir Coláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead) agus bunscoil Dhumha Thuama mar chuid de Ghaeilge 24 (ar an 12.11.24) chun cur leis an nasc teanga, oideachais agus sóisialta i nGaeilge idir scoláirí bunleibhéal agus scoláirí iarbhunleibhéal sa cheantar Gaeltachta seo. Bhronn Gaeilge Iorrais roinnt féiríní dár gcuid ar rannpháirtithe ar an lá.
- Tacú le Meánscoil Mhuire (Béal an Mhuirthead) lena gcuid imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge 2024. Chuir Gaeilge Iorrais málaí féiríní ar fáil.
- Tá oideachas trí mheán na Gaeilge mar chuid lárnach den phróiseas pleanála teanga sa cheantar seo. Tá an-dul chun cinn á dhéanamh sa réimse seo. Beidh muid ag cur leis i gcaitheamh an ama.

Imeachtaí i nGaeilge do Theaghlaigh

- **Ceol & Spraoi** – go nuige seo tá 23 teaghlach cláraithe linn don imeacht seo do thuistí agus páistí réamhscoile. Freastalaíonn c.4 theaghlach (nó thart ar 8 dtuiste agus páiste le chéile) ar an meán agus go rialta. Bhí 10 seisiún againn le linn 2024 (Eanáir-Aibreán). D'fhreastail 92 ar na seisiúin sin san iomlán go dtí seo.
- **Cuideachta** - Tá 5 dteaghlach áitiúil cláraithe faoi scéim 'Cuideachta' i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta (laghdú beag ón 6 theaghlach a bhí ann i 2023);
 - An chéad ócáid i 2024 ar an 10 Feabhra (spórt agus cluichí in ionad UISCE na hEachléime). D'fhreastail 5 theaghlach ar an ócáid; 8 dtuiste agus 11 bpáiste.



GAEILGE IORRAIS

- Dara hócáid (cuairt ar an bhfeirm) i gCuan Oilí ar an 21.04.2024. Tháinig 6 thuiste agus 10 bpáiste ón 5 theaghlach atá cláraithe.
- An tríú hócáid (picnic agus cuairt ar an bpáirc spraoi) i gCeathrú Thaidhg ar an 08.06.2024. D'fhreastail 5 theaghlach ar an ócáid; tháinig 6 thuiste agus 11 páiste.
- An cheathrú hócáid (ceardaíocht don Nollaig) i SOLAS ar an Eachléim ar an 16.11.2024. Bhí 3 theaghlach i láthair (3 tuiste agus 5 páiste).
- Imeachtaí eile do theaghlaigh i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta;
 - An Cinema Gaelach ar an 12.01.2024 (leagan Gaeilge den scannán 'Na Smurfs'). Bhí c. 60 duine i láthair ó 19 theaghlach éagsúil.
 - Cinema Gaelach ar an 01.03.2024 leis an scannán 'Lego Ningago.' Bhí c. 50 duine ó 14 teaghlach i láthair, ina measc 32 páiste agus 15 tuiste.
 - Cinema Gaelach ar an 15.11.2024 leis an scannán 'Shrek'. Bhí c.90 duine i láthair ag an ócáid seo, ina measc bhí 27 tuiste agus 63 páiste.
 - An Pota Stóir 2024 (earraí Nollag i nGaeilge) curtha ar fáil ag Gaeilge Iorrais i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta.
- Tugann imeachtaí den chineál seo deis do theaghlaigh an Ghaeilge a úsáid agus a chleachtadh i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla. Faoi mar a luaigh tuismitheoir amháin linn; 'tá sé go deas an Ghaeilge a úsáid agus a chloisteáil lasmuigh den scoil.'
- Léiríonn an mhír seo an t-éileamh atá ar na himeachtaí i nGaeilge do theaghlaigh sa limistéar seo. Tá muid ag súil le bonn níos láidre fós a chur faoi imeachtaí do theaghlaigh Iorrais agus ar bhonn rialta i gcomhar le TnaG nuair a bheidh oifigeach forbartha ar an láthair go lánaimseartha acu sa limistéar seo. Tá an post seo le fógairt arís acu sa bhliain úr.
- Bhí scéim úr ag Gaeilge Iorrais i mbliana chun spreagadh agus tacú le teaghlaigh ón limistéar seo freastal ar Oireachtas na Samhna. Fuarthas 4 iarratas faoin scéim. D'fhreastail 3 theaghlach ón limistéar seo ar an Oireachtas tríd scéim Ghaeilge Iorrais. Ghlac ceathrar de na páistí páirt i gcomórtais éagsúla agus eagraíodh seisiún ceoil agus amhránaíochta le teaghlaigh Iorrais ag an bhféile.



Imeachtaí Sóisialta do Dhaoine Óga: Club UISCE 2024

- Lean Club UISCE (Gaeilge Iorrais @ Coláiste UISCE) ar aghaidh le linn 2024. D'éirigh linn 6 lá a reáchtáil (Márta - Deireadh Fómhair 2024). Lónadh 186 spás do pháistí na Gaeltachta seo (c. 31 rannpháirtí ar an meán i láthair).
- Bailíodh aiseolas an-dearfach ó rannpháirtithe Chlub UISCE le linn shéasúr 2024. Tá an-éileamh ar an gclub lán-Ghaeilge seo agus muid ag súil le tógáil air arís i 2025. Léiríonn an t-aiseolas dearfach agus an taighde atá bailithe againn go bhfuil (i) an-mheas ar an deis a fhaigheann na páistí teacht le chéile i dtimpeallacht dhearfach spráúil agus (ii) tabhairt faoi eachtraí a thaitníonn leofa ar muir is i dtír agus (iii) ar na deiseanna sóisialaithe agus foghlama trí mheán na Gaeilge. D'fhreagair chuile pháiste gur tháinig feabhas ar a chuid Gaeilge le linn chlub UISCE.
- Tá thart ar 80 teaghlach cláraithe le Gaeilge Iorrais do chlub UISCE. Glacann c.50 teaghlach páirt sa chlub go rialta (c.30 bunscoil + c.3 déagóir) agus tagann croíghrúpa go rialta chuig an gclub. Bíonn freastal rialta ó 5 bhunscoil Ghaeltachta agus 2 iarbhunscoil Ghaeltachta ar an gclub ach go háirithe.
- Seo mar a dúirt Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) faoin gclub seo;
 - Tá mar sprioc ag Gaeilge Iorrais borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge i measc na ndaoine óga seo agus deiseanna sóisialaithe i nGaeilge a chur ar fáil dóibh. Beidh na himeachtaí seo saor in aisce ach tá spásanna teoranta. Caithfear clárú roimh ré agus cloí leis an bpolasaí Gaeilge a bheidh i bhfeidhm. Thosaigh muid amach le 18 duine óg sa bhliain 2019, a léiríonn fás mór céimnithe ar ár gcuid gníomhaíochtaí sa réimse seo.
- Bhronn Gaeilge Iorrais 8 scoláireacht ar ochtar scoláire scéime (daltaí iarbhunscoile) ó na trí iarbhunscoil áitiúil chun freastal ar an gcúrsa cinnireachta ceannródaíoch a reáchtáil Coláiste UISCE ar feadh coicíse ag deireadh mhí Iúil 2024. Bhí an-éileamh ar an scéim seo agus fuair muid 11 iarratas ar an 6 spás. D'fhreastail 7 ar an gcúrsa ar deireadh. Thug siad uilig ardmholadh don chúrsa.
- Fógraíodh scéim scoláireachtaí eile i gcomhar le Coláiste UISCE le freastal ar chúrsaí oiliúna sna spóirt UISCE i gColáiste UISCE. Fuair muid 8 n-iarratas ar 10



spás. Bhronn Gaeilge Iorrais 8 scoláireacht (scoláire scéime amháin as chuile iarbhunscoil sa limistéar ar a laghad san áireamh) chun freastal ar chúrsaí scileanna sna heachtraí uisce i gColáiste UISCE le linn shaoire an tsamhraidh. Níor fheil dátaí na gcúrsaí do roinnt déagóirí i mbliana. D'fhreastail 6 ar na cúrsaí sa deireadh. Bailíodh aiseolas thar a bheith dearfach ó na rannpháirtithe agus an-éileamh ar dheiseanna eile de chineál seo do dhéagóirí an cheantair.

Imeachtaí sóisialta eile do dhaoine óga

- Rinne Gaeilge Iorrais comhordú ar thuras lae chuig stiúideo teilifíse Gaeilge do dhaltáí bunscoileanna Gaeltachta an cheantair chun clár teilifíse Anfa a thaifeadadh ar an 24.02.2024 i gcomhar le Fíbín i nGaillimh. D'fhreastail 44 páiste ón 7 scoil Ghaeltachta ar an lá speisialta seo. Breis eolais ag <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0224b.pdf>
- Tacú le mórshheisiún ceoil do Sheachtain na Gaeilge (i gcomhar le CCÉ Craobh Chlann Lir Iorrais agus faoi fhéilire SnaG 2024). Féirín beag bronnta ag Gaeilge Iorrais ar chuile pháiste a bhí i láthair. Slua de c.50-60 duine i láthair ar an oíche.
- Tacú le Blitz iománaíochta ar an 02.03.2024 i gcomhar le clubanna CLG Gaeltacht Iorrais agus Maigh Tura. 30 páiste i láthair agus 15 díobh as Maigh Tura. Cineál scéim malairte a bhí ann le club Gaeilge as LPT eile agus imeachtaí cultúrtha dlúthnasctha leis an ócáid.
- Blaisín d'imeachaí uile SnaG 2024 an limistéir seo ag <http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/fsng24.mp4>
- Bíonn an-éileamh agus an-tairbhe lenár gcuid imeachtaí lánGhaeilge. Chláraigh 50 páiste as na 7 mbunscoil Ghaeltachta in Iorras do Cheardlann na n-Óg ar an 18.05.24. D'fhreastail 48 páiste bunscoile Gaeltachta as 27 teaghlach éagsúil ar Cheardlann na n-Óg faoinár stiúir in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. Ghlac na páistí páirt i gceardlanna éagsúla sna healaíona traidisiúnta .i. ceol traidisiúnta, amhránaíocht ar an sean-nós, scéalaíocht agus damhsa. Bhailigh muid aiseolas fíordhearfach faoin ócáid seo.



GAEILGE IORRAIS

- Gaeilge Iorrais ag leanúint leis an stocaireacht agus ag tacú le 3 club óige úr a bhunú sa limistéar seo faoi scáth Óige na Gaeltachta. Uaireanta do phost mar oibrí óige (páirt-mhaoinithe ag Gaeilge Iorrais) fógraithe cúpla babhta anois ó mhí na Samhna 2023 ach níor éirigh leofa aon duine a earcú go fóill.
- Sna sála air sin agus ar stocaireacht ó Ghaeilge Iorrais maidir le soláthar seirbhís óige i nGaeilge d'aos óg an cheantair seo, tharla roinnt cruinnithe i mbliana agus Gaeilge Iorrais páirteach i dtogra píolótach i gcomhar le MSLETB, Muintearas agus Foróige chun oibrí óige lánaimseartha le Gaeilge a fhostú sa cheantar Gaeltachta seo. Beidh páirt-mhaoiniú i gceist ar an bpost seo idir na trí pháirtí thuasluaite
- Bíonn an-éileamh ar ranganna ealaíne i nGaeilge faoi stiúir Ghaeilge Iorrais do pháistí. Reáchtáladh sraith de 4 rang ar bhonn píolótach i gCeathrú Thaidhg le linn mhí Bealtaine 2024. Chláraigh 12 páiste ón mbunscoil Ghaeltachta seo (as 6 teaghlach) agus bhí 7 ar liosta feithimh. Reáchtáladh babhta eile de ranganna ealaíne sa tSeanscoil i mí Dheireadh Fómhair 2024 bunaithe ar éileamh agus aiseolas dearfach ó rannpháirtithe. Líonadh 12 spás le páistí ó 2 bhunscoil Ghaeltachta sa cheantar seo.
- Reáchtáladh sraith de 4 rang ealaíne ar an Eachléim le linn mhí Bealtaine 2024. 9 páiste (as 6 teaghlach) as bunscoil Ghaeltachta amháin rannpháirteach. Reáchtáladh babhta eile de ranganna ealaíne sa Halla ar an Eachléim i mí na Samhna 2024 bunaithe ar éileamh agus aiseolas dearfach ó rannpháirtithe. Líonadh 11 spás le páistí ó 2 bhunscoil Ghaeltachta sa cheantar seo. Tá sé i gceist na ranganna ealaíne seo a chur ar fáil i gceantair eile ina bhfuil bunscoileanna Gaeltachta le linn 2025 de bharr éilimh.
- D'eagraigh Gaeilge Iorrais cóisir chun ceiliúradh a dhéanamh ar páistí go léir a ghlac páirt i bhfleadhanna le linn 2024 ar an 14.08.24 in Áras Inis Gluaire. Bhí c. 70 i láthair ag an gcóisir. Bhronn Gaeilge Iorrais féiríní faoi leith ar an 5 páiste ón nGaeltacht seo a ghlac páirt i bhFleadh Cheoil na hÉireann 2024 agus féiríní eile ar na páistí go léir a ghlac páirt i bhfleadhanna na bliana seo. Bhí bronnadh,



cóisir beag agus 'Seisiún na nÓg' againn roimh mhór-sheisiún Comhaltas 'Craobh Chlann Lir Iorrais' ag 8.30i.n. <https://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0724.pdf>

Imeachtaí do Dhaoine Fásta - Ranganna Gaeilge

- Tá 2 rang Diplóma sa Ghaeilge ar siúl sa cheantar seo faoi láthair faoi scáth Ollscoil na Gaillimhe agus de bharr stocaireacht agus tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais;
 - Cuireadh tús le cúrsa Diplóma eile i mBéal an Mhuirthead i mbliana ag leibhéal B1 de bharr éilimh. Tá 17 sa rang úr seo, 16 díobh ón LPT seo. Chuir Gaeilge Iorrais scéim scoláireachtaí ar bun chun tacú leis na rannpháirtithe áitiúla sa rang seo.
 - Thosaigh 12 duine eile de bhunadh an cheantair i rang nua B1 Diplóma sa Ghaeilge i mBéal an Mhuirthead anuraidh (2023/24). Chuir Gaeilge Iorrais scéim scoláireachtaí ar bun chun tacú leis na rannpháirtithe áitiúla sa rang seo. Tá 14 sa rang seo i mbliana (2024/25, bliain 2 den chúrsa B1).
 - Thosaigh 14 duine i rang A2 Diplóma sa Ghaeilge i mBéal an Mhuirthead (2022/23). Chuir Gaeilge Iorrais scéim scoláireachtaí ar bun chun tacú le rannpháirtithe áitiúla sa rang seo. Bhí 12 sa rang A2 i mbliana (2023/24) agus thug siad uilig faoi scrúduithe dheireadh na bliana. Bhí ócáid cheiliúrtha ag Gaeilge Iorrais don rang A2 Diplóma sa Ghaeilge Dé Céadaoin 10.04.2024 in Áras Inis Gluaire agus na scrúduithe uilig curtha i gcrích acu. Bhronn Gaeilge Iorrais mála beag féiríní ar na scoláirí agus ar an múinteoir ranga.
 - D'éirigh le 26 duine áitiúil eile Diplóma sa Ghaeilge a bhaint amach ag leibhéal B2 agus C1 le blianta beaga anuas le tacaíocht Ghaeilge Iorrais.
- Tacú le hócáid nua 'Comhrá agus Seanchas' a reáchtáil go rialta i gCeathrú Thaidhg i gcomhar le Comhar Dún Chaocháin. Bhí breis agus 10 n-imeacht go dtí seo i 2024 agus thart ar 8-10 i láthair ag chuile cheann acu.
- Tacú le hócáid 'Maidin Bhéaloideas' faoi scáth oifig na Gaeilge, comhairle contae Mhaigh Eo agus www.duchas.ie i gCeathrú Thaidhg ar an 09.03.2024. Bhí 15 i láthair.



- Bhí léacht 'lá Bealtaine' againn le Síle agus Seamus Ó Mongáin Dé Céadaoin 01.05.24 in Áras Inis Gluaire. Thug Síle agus Seamus cur i láthair den scoth faoin mbailiúchán 'Amhrán ó Iorras' le Micheál Ó Gallchobhair agus léargas ar amhránaíocht ar an sean-nós i nGaeltacht Iorrais. Bhí amhránaithe óga linn ar an oíche chomh maith, ag canadh cuid de na hamhráin go binn. Bhí c.30 duine i láthair ag an ócáid seo. Eolas <https://www.gaeilgeiorrais.ie/images/pr0324.pdf>
- Thosaigh ciorcal amhránaíochta ar an sean-nós do dhaoine fásta ar an 11.11.2024 le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais. Bíonn croíghrúpa de c.10 i láthair ann.
- Cuireadh tús le rang comhrá / cleachtadh cainte don grúpa Dioplóma B1 ar an 11.11.24 le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais agus de bharr éileamh na ndaltaí.

Imeachtaí Sóisialta Do Dhaoine Fásta

- Reáchtáil Gaeilge Iorrais 4 ócáid shóisialta ghaelach i dtrí ionad difriúil fud fad an limistéir. Bhí c. 20-25 duine fásta ar an meán i láthair ag na hócáidí sin.
 - Oíche shóisialta ag Gaeilge Iorrais (01.12.2023), bhí 18 i láthair agus comhcheangal le seisiún CCÉ Craobh Chlann Lir agus beagnach 100 i láthair.
 - Oíche shóisialta in UISCE mar chuid de SnaG (07.03.2024) 20 duine i láthair. Cluichí, eachtraí, comhrá agus soláistí.
 - Oíche shóisialta sa chlub-theach i nGleann na Muaidhe mar chuid de SnaG ar an 14.03.2024. Bhí 20-24 duine i láthair. Comhrá, sólaistí agus cluiche ar an oíche.
 - Tacú le seoladh leabhar áitiúil 'Gráinne Giorria' in Áras Inis Gluaire ar an 23.03.24 @ 1in. Bhí breis agus 60 duine i láthair.
- Tacú le hoifig na Gaeilge, comhairle contae Mhaigh Eo leis an ullmhúchán do phuball na Gaeilge mar chuid de Lá Mhaigh Eo (04.05.2024) a tharla i mbaile Gaeltachta Bhéal an Mhuirthead don chéad uair i mbliana agus ó bunaíodh an fhéile. Bhí cúpla céad duine páirteach in imeachtaí sa Phuball Gaeilge ar an lá agus Gaeilge Iorrais i lár an aonaigh ann (imeachtaí cosúil le Spraoi na n-Óg,



GAEILGE IORRAIS

Coimicí Gael, seanchas, amhránaíocht, damhsa). Breis eolais

<http://www.gaeilgeiorrais.ie/images/lm024.png> agus físeán

<https://www.facebook.com/gaeilgeiorrais/videos/462305446245669>

- Tacú le seisiún ceoil, amhránaíochta agus airneáin @ SOLAS do ghrianstad an gheimhridh (21.06.24) c.90 duine idir óg agus aosta i láthair.
- Tacú le siúlóid treoraithe i nGaeilge thart ar Lúb na Binne Buí (06.07.2024). 10 i láthair.
- Comhimeacht i gcomhar le hErris Park Run agus an tOireachtas (#parkrunabú ar an 17.08.24). 100 duine i láthair.
- Tacú le reáchtáil agus cur i láthair ag an gcomhimeacht 'Canúintí Mhaigh Eo: Taifid, Leabhra agus Acmhainní Foghlama' a bhí ar siúl i mBéal an Mhuirthead ar an 24.09.2024 i gcomhar le hOifig na Gaeilge, Comhairle Contae Mhaigh Eo. Bhí c. 30 duine i láthair agus tháinig go leor moltaí fóna chun cinn maidir leis na chéad chéimeanna eile sa réimse oibre seo.
- Oíche Chultúir 2024 sa tSeanscoil ar an 20.09.24 i gcomhar le Comhar Dún Chaocháin Teo – c.40 i láthair don oíche le ceardlann cniotála, bÁCála agus seisiún ceoil le ceoltóirí áitiúla.

Na Meáin Chumarsáide & Poiblíocht

- Feasacht, brandáil, poiblíocht agus tuiscintí a mhéadú go leanúnach rialta maidir le ról agus obair Ghaeilge Iorrais sa cheantar seo. Mar shampla;
 - 11 preasráiteas eisithe ag Gaeilge Iorrais ó thús na bliana (Eanáir – Samhain 2024) agus le fáil ar www.gaeilgeiorrais.ie i gcónaí.
- Tá múnla sásúil forbartha againn ar MailChimp agus nuachtlitir mhíosúil eisithe againn ó mhí Márta 2021 i leith. Tá 411 duine ar an liosta teagmhála againn (méadú c.44% ó 2022).
- Cóip de nuachtlitreacha agus foirm chlárúcháin ar ár suíomh agus roinnte ar na meáin shóisialta freisin. Feic, mar shampla, <https://mailchi.mp/8681b52ac3e6/nuachtlitir-ghaeilge-iorrais-deireadh-fmhair-2022-eagr-10572010>



Feachtais Ar Na Meáin Shóisialta

- Feachtas 'Labhair Gaeilge Liom' (22 físeán eisithe go dtí seo). Breis agus 150 rannpháirtí páirteach sa bhfeachtas go dtí seo.
 - Ag cur leis an ábhar brandáilte nua atá ag Gaeilge Iorrais, a chuidíonn le feasacht a ardú fúinn agus ár gcuid oibre, a dhéanann cúis mar dhuaisianna agus féiríní dár gcuid féin agus a chuireann le gréasán, comhghuaillíocht, féiniúlacht a chothú idir pobal Ghaeilge Iorrais sa limistéar. Mar shampla, bandaí láimhe, hataí, greamáin, buidéal uisce, málaí, pinn, caipíní, t-léinte agus mar sin de.
- Leanúint leis an bhfeachtas comhordaithe feasachta agus poiblíochta ar na meáin éagsúla.
 - 1,744k de lucht leanúna ar leathanach Facebook (méadú ó 1,200 i 2020)
 - 1,144 leantóir ar Instagram, bhí 552 leantóir againn i 2022 (méadú ó 270 i 2020).
 - 197 leantóir ar Twitter (méadú ó 100 i 2020 agus 169 i 2022)
 - Cuntas nua TikTok ar bun le gairid, 47 fhíséan gearr crochta againn faoi láthair, 274 duine dár leanúint anois, 1,125 'likes'.
- Is cinnte go bhfuil luach leis an obair seo, faoi mar scríobh duine áitiúil amháin fúinn; 'tá sár obair ar siúl agat sna meáin shóisialta leis an Ghaeltacht a chur chun cinn agus daoine a spreagadh Gaeilge a labhairt i ngan fhios dóibh féin.'

Na Meáin Chraolta

- Tacú le craoladh beo Iris Aniar (RnaG) i SOLAS Dé Céadaoin 27.03.24 agus OPTanna Gaeilge Iorrais ar an gclár chomh maith (c.30 i láthair ón gceantar).
<https://www.rte.ie/radio/rnag/iris-aniar/2024/0327/1440241-iris-aniar-de-ceadaoin-27-marta-2024//>
- Tacú le craoladh beo Iris Aniar (RnaG) i CLG Chill Chomáin Dé hAoine 06.09.24 agus OPT ÉNG Gaeilge Iorrais ar an gclár chomh maith (c.30 i láthair ón gceantar).
<https://www.rte.ie/radio/rnag/iris-aniar/2024/0906/1468706-iris-aniar-de-haoine-6-mean-fomhair-2024/>



GAEILGE IORRAIS

- Tacú le taifead le hIris Aniar (RnaG) i S.N. na hEachléime Dé Céadaoin 06.11.24 agus OPT LND Gaeilge Iorrais ar an gclár chomh maith (c.10 i láthair ón gceantar). <https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/22460065/>
- Leanúint leis an mír rialta raidió mar chuid den Tommy Marren Show ar MidWest Radio uair sa mhí, a mhaireann 10-15 nóiméad <https://shows.acast.com/the-tommy-marren-show-on-midwest-radio>
- Thug Ní Dhúda cur i láthair maidir le hobair Ghaeilge Iorrais do shaoistí na scéimeanna sóisialta tuaithe i nGaeltachtaí Mhaigh Eo i mí an Mhárta 2024.
- Thug Ní Dhúda eochairchaint ag an gComhdháil Pleanála Teanga 2024 maidir lena cuid oibre sa Ghaeltacht seo ag obair i gcomhar leis an óige mar chuid den phróiseas pleanála teanga.
- Comhoibriú agus teagmháil rialta le coiste i mbaile Bhéal an Mhuirthead maidir le dlús a chur faoin bpróiseas chun plean teanga a réiteach do bhaile Bhéal an Mhuirthead agus stádas a bhaint amach mar bhaile seirbhíse Gaeltachta dá réir sin.

Léiriú é seo go léir ar an gcomhoibriú idir Gaeilge Iorrais, eagraíochtaí áitiúla agus pobal na háite seo faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht. Tá borradh mór faoi chúrsaí Gaeilge sa limistéar seo anois, sna sála ar an dul chun cinn suntasach atá déanta againn uilig le cúig bliana anuas. Tá an ré úr seo don Ghaeilge le tabhairt faoi deara ar an talamh i nGaeltacht Iorrais freisin:

Ba mhaith liom comhghairdeas a ghabháil libh as an sár-obair atá ar siúl agaibh ansin i nGaeilge Iorrais. Is iontach an deis atá sibh ag tabhairt don phobal an Ghaeilge a chleachtadh agus a chur chun cinn.

Tá mar sprioc ag Gaeilge Iorrais tógáil ar obair na bliana seo caite, deiseanna eile úsáide Gaeilge agus foghlama Gaeilge a chruthú, nósanna nua labhartha Gaeilge a bhunú agus a bhuanú sna blianta atá amach romhainn, le tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail.



GAEILGE IORRAIS

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais buíochas ó chroí a ghabháil le chuile dhuine a ghlac páirt agus a thug tacaíocht dúinn go dtí seo agus muid ag súil le níos mó rannpháirtíochta fós i 2025. Bí i dteagmháil linn ag gaeilgeiorrais@gmail.com agus oifig.gi@gmail.com nó (097) 29023 más mian leat níos mó eolais a fháil faoin obair seo, chun spéis a chlárú linn nó chun moltaí ábhartha a roinnt linn. Ba mhór againn cloisteáil uait. Lean muid ar na meáin shóisialta éagsúla @Gaeilge Iorrais nó tabhair cuairt ar ár suíomh www.gaeilgeiorrais.ie don nuacht is déanaí.



A look back on some Irish language activities and highlights in Gaeltacht Iorrais during 2024

Gaeilge Iorrais is celebrating another successful and eventful year which marks our sixth year of Irish language plan implementation in the North Mayo (Erris) Gaeltacht. Gaeilge Iorrais organised a wide variety of activities through the medium of Irish during 2024 with the aim of increasing Irish language use and to ensure a positive future for the Irish language in our Gaeltacht area. We are very pleased with our progress and levels of participation this year.

The following groups and themes were focused on in particular during 2024 (i) young people (ii) Gaeltacht scheme schools (iii) families (iv) Irish classes, Irish usage and learning opportunities (v) creating more awareness and publicity around Gaeilge Iorrais and the Irish language opportunities in our Gaeltacht area. Some highlights from 2024 which showcase our progress so far include;

Gaeltacht Scheme Schools at Primary Level

- Ongoing support and continued collaboration with the seven Gaeltacht scheme primary schools and three post-primary schools in our Gaeltacht area. The OPT participated in the Gaeltacht Schools Recognition Scheme (*SASG*) inspection visits to 6 primary schools and 2 post-primary schools in this area during this school year (2023/24). The other two inspections were completed last school year.
- A meeting at the beginning of the school year with every primary school participating in the *SASG* and a 'Program of Irish Language Activities for the School Community' template discussed and approved with each school.
- Club scannánaíochta Áras Inis Gluaire, with support from Gaeilge Iorrais, organised a special screening of a Christmas movie for Gaeltacht primary school students - an Irish version of the 'Polar Express'. Approximately 145 students and 12 teachers were present (c.150 in total from 5 Gaeltacht schools).



GAEILGE IORRAIS

